

Ábhar	Struchtúr na Gaeilge
Téacs Léitheoireachta	Dán ‘Sínte Fada’ le Michael Davitt (Le caoinhead ó Moira Sweeney).
Mír Éisteachta	Véarsa as an dán á léamh i gcanúintí éagsúla

Á chur in oiriúint do dhá dhream mac léinn:

- (i) mic léinn nach bhfuil cúlra Gaeltachta acu – grúpa 1**
- (ii) mic léinn a bhfuil cúlra Gaeltachta acu – grúpa 2**

Ní cúrsa teagaisc ná plean ranga atá i gceist leis an ábhar samplach seo. Is **sampla** atá ann de na cineálacha tascanna a d’fhéadfaí a bhunú ar théacsanna éagsúla d’fhonn is na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar **in oiriúint dá gcuid mac léinn féin.**



Sínte Fada, Michael Davitt

Is iad na rudaí beaga
a chuireann tairne i mbeo:

fada bradach ‘Motá’,
ag tiomáint aniar duit
trí lár na hÉireann,
é ag saighdeadh anuas go dísbeagúil
mar a bheadh fiarshúil sa bhfathach
Cheansú Tráchtá,

an gcuireann sé ag cáiseamh tú
fé thruailliú idéil an Stáit?

An gcuireann sé ag cáiseamh tú
fé mháistrí polaitiúla an lae inniu,
An Teashock, An Tawnishta
is na Tocktee Dawla uile sa Dawl,
idir Feena Gale is Feena Fawl
is na scuainí cuntasóirí craosfhiacclacha
á leanúint ó hock go tock
ag déanamh gaisce as rátaí fáis
is an Lewis?

An gcuireann sé arraing ghéar
trí lár do chléibhe go bhfuil
Ronald McDonald ina Rí ar Bhré?
É ina chónaí i gcaisleán
i mbarr na príomhshráide
mar a mbíodh an *Town Hall*
tráth. Nuair a tháinig
Bertie ar cuairt
i ngeansaí Man U
bhí na bratacha trídathacha
ar foluain timpeall
ar na Siopaí Puint
is bronnadh *Extra Large Fries*
orainn ar phraghas *Medium*.

Gan trácht ar dhaoine a deir ‘*Cheers!*’
is ‘*Oh My God!*’
is ‘ag caint leis an tAire
is ‘Tá an cheist á bplé’
is ‘Cad a bhfuil sé?’
is ‘An rud gur féidir a dhéanamh’.
is ‘*I was like...!*’
ag cur aghaidheanna orthu fhéin?
Is daoine a chuireann an bhéim
ar ‘*so*’.

Is daoine a chuireann béim
ar aidiachtaí sealbhacha,
nach n-aithneodh iarmhír threise
dá mbuailfeadh sé sa leiceann iad.
Cloisim tú á rá: ‘Sin é a bhfadhb!’

Gan trácht ar dhaoine a fhiafraíonn díot
ar an traein cén jab atá agat
is deireann tú ‘File Gaeilge,
*and before you tell me
that you’re basically in favour
but it was beaten into you in school
I want to say that I’m allergic
to people like you!*

Gan trácht ar an gcóras nua
Cheansú Tráchta atá i bhfeidhm
thíos sa Bhanc, tabhair
‘scuainecheansú’ air,
Sky News is tú ag feitheamh
chun do sheicín a lóisteáil,
caithfidh tú féachaint ar
shráidbhailte ocracha na hAfganastáine
á mbuamáil is ar straois Tony Blair,
ceansaitheoir an tsaoil Arabaigh,
mar shiorc ag creimeadh a shlí amach
as burca.

Ó ‘a’ sin Mhóta.
Guta gearr gan beann ar éinne
nó gur bháigh oifigeach stáit
síneadh fada ina cheann.

An Síneadh Fada

Cleachtaí Samplacha dírithe ar Ghrúpa 1

Beidh tú ag léamh dán a scríobh Michael Davitt, file. Spreagadh é leis an dán a scríobh nuair a chonaic sé drochlitriú ar chomhartha bóthair i lár na tíre – bhí an focal ‘Motá’ scríofa in áit ‘Móta’ (*Moate* an Bhéarla).

Réamhphlé

- Tá an file ag léiriú míshástachta sa dán faoi dhrochlitriú agus an síneadh fada san áit mhícheart ar chomhartha bóthair. An bhfuil an dearcadh seo réasúnta, dar leat? An dtuigeann tú dó?
- An dóigh leat go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh an leagan Gaeilge de chomharthaí bóthair scríofa i gceart, nó an cuma?

Léamh

Anois léigh an dán. Ná bí buartha faoi gach focal a thuiscint – déan iarracht an phríomhtheachtaireacht a thabhairt leat ar an gcéad léamh agus ansin bain úsáid as an ngluais chun cabhrú leat don dara léamh.

gluais:

fiarshúil	a squint
fathach	a giant
ceansú tráchta	traffic calming
go dísbheagúil	belittling
ag cáiseamh	lamenting / grumbling
arraing	stabbing pain
straois	grimace
ceansaitheoir	pacifier / appeaser
gan beann ar éinne	indifferent to everyone

Feasacht Teanga

1. Seo samplaí eile den síneadh fada san áit mhícheart – cad atá cearr leo? An bhfuil aon samplaí eile agat féin?

Céántár	<i>area</i>
O’ dheás	<i>M50 southbound</i>
Béar an Choláiste	<i>the College Bar</i>

Pléigh an ráiteas seo:

Ní maisiúchán atá sa síneadh fada – tá ról tábhachtach aige!

Anois féach ar na focail seo: cén t-athrú brí agus fuaimne a chuirfeadh síneadh fada orthu?

coiste	sean	maire	do
cainteach	paiste	scor	feasta
ba	leas	sileann	riocht
cead	seo		

2. Déan féin agus do pháirtí anailís ar na samplaí seo d'earráidí gramadaí a luann an file sa dán.

'ag caint leis an tAire
'tá an cheist á bplé'
'cad a bhfuil sé?'
'an rud gur féidir a dhéanamh'.
'sin é a bhfadhb'.

An dtuigeann sibh cad atá i gceist aige? An féidir libh iad a cheartú? Déanaigí cúram ar leith den sampla 'sin é a bhfadhb'. Faighigí amach cad atá i gceist le haidiacht shealbhach agus iarmhír threise.

3. Féach na focail seo as an dán a bhfuil líne fúthu. Déan féin agus an duine in aice leat iarracht iad a fhuaimniú i nGaeilge.

An Teashock, An Tawnishta
is na Tocktee Dawla uile sa Dawl,
idir Feena Gale is Feena Fawl
is na scuainí cuntasóirí craosfhiaclacha
á leanúint ó hock go tock
ag déanamh gaisce as rátaí fáis
is an Lewis?

Anois éist leis an mír éisteachta ina bhfuil cainteoirí le trí chanúint éagsúla ag rá na línte thuas os ard – cleacht na línte agus déan cúram ar leith de na fuaimneanna. An féidir leat a rá cé acu cainteoir a bhfuil canúint Uladh, canúint Chonnacht agus canúint na Mumhan aige/aici?

Anois fuaimnigh na focail seo os ard:

fí fia
dí dia
tí tuí
lua, tuath, fuath, bua, pian, pinn
liúntas luas
teach, moch, seachtain, tochailt, chaith, chosain, bacach

Aimsigh sampla thuas de (i) défhoghar; (ii) consan leathan; (iii) consan caol.

An féidir leat an rabhlóg seo a rá? – déan cúram den ‘t’ leathan agus caol:

Tá tuí ar thaobh an tí tuí tá thíos sa toinn!

Plé

- Cad atá i gceist ag Michael Davitt nuair a deir sé go bhfuil ‘Ronald McDonald ina Rí ar Bhré?’ Cén tionchar, dar leat, atá ag cultúr Mheiriceá ar chultúr na tíre seo?
- Luann an file dearcadh coitianta a bhíonn ag daoine i leith na Gaeilge – go bhfuil siad ina fabhar i bprionsabal ach go raibh drochthaithí acu ar scoil. An bhfuil aon taithí agat féin ar an dearcadh seo?
- Luann an file an focal ‘scuainecheansú’ ach braitear nach bhfuil sé sásta leis an bhfocal seo. Cad atá ar eolas agat faoin tslí ina n-aistrítear focail Bhéarla go Gaeilge?

Cad a shíleann tú do na focail seo a leanas:

<i>physiotherapy</i>	físiteiripe
<i>blog</i>	blag
<i>computer</i>	ríomhaire
<i>remote control</i>	cianrialóir

Tascanna

- Féach ar na samplaí thíos as an dán de nathanna / de bhéim atá tagtha isteach sa chaint i mBéarla na hÉireann. Pléigh an cheist seo leis an duine in aice leat: An dóigh libh go bhfuil tionchar Mheiriceá le cloisteáil ar chaint na ndaoine in Éirinn anois? Léirígí bhur bplé le samplaí. Beidh sibh ag roinnt bhur gcuid samplaí leis na grúpaí eile.

Gan trácht ar dhaoine a deir ‘*Cheers!*’
is ‘*Oh My God!*’

...

is ‘*I was like...!*’

...

Is daoine a chuireann an bhéim
ar ‘*so*’.

- Téigh siar arís ar na fadhbanna foghraíochta a léiríodh duit i dtasc 2 den fhillteán foghlama. Déan tú féin a thairfeadh arís – an bhfuil aon fheabhas tagtha ar do chuid foghraíochta?

An Síneadh Fada

Cleachtaí Samplacha dírithe ar Ghrúpa 2

Seo sampla den tslí ina bhféadfaí na cleachtaí céanna a chur in oiriúint do rang ina bhfuil mic léinn Ghaeltachta.

Beidh tú ag léamh dán a scríobh Michael Davitt, file. Spreagadh é leis an dán a scríobh nuair a chonaic sé drochlitriú ar chomhartha bóthair i lár na tíre – bhí an focal ‘Motá’ scríofa in áit ‘Móta’ (*Moate* an Bhéarla).

Réamhphlé

- Tá an file ag léiriú míshástachta sa dán faoi dhrochlitriú agus faoin síneadh fada a bheith san áit mhícheart ar chomhartha bóthair. An bhfuil an dearcadh seo réasúnta, dar leat? An dtuigeann tú dó?
- An dóigh leat go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh an leagan Gaeilge de chomharthaí bóthair scríofa i gceart, nó an cuma?
- An bhfuil samplaí agat de chomharthaí bóthair scríofa mícheart i do cheantar féin? An mbíonn conspóid i do cheantar faoi chomharthaí bóthair? Má bhíonn, cad é an seasamh atá agat féin?

Léamh

Anois léigh an dán. Déan liosta de na focail nár thuig tú. Pléigh iad leis an duine in aice leat. Cad iad na catagóirí focal seo a leanas is deacra duit agus tú ag léamh? Cén fáth?

- (i) an teaghlach agus rudaí pearsanta
- (ii) cúrsaí reatha
- (iii) an nua-theicneolaíocht
- (iv) cúrsaí oideachais
- (v) focail as canúintí seachas do chanúint féin.

Conas a théann tú i ngleic le focail nach dtuigeann tú?

Feasacht Teanga

1. Seo samplaí eile den síneadh fada san áit mhícheart – cad atá cearr leo? An bhfuil aon samplaí eile agat féin?

Céántár	<i>area</i>
O’ dheás	<i>M50 southbound</i>
Béar an Choláiste	<i>the College Bar</i>

2. Pléigh an ráiteas seo:

Ní maisiúchán atá sa síneadh fada – tá ról tábhachtach aige!

3. Féach ar an athrú brí agus fuaimne a chuirfeadh síneadh fada ar na focail seo agus pléigh leis an duine in aice leat cad é an rud é guta leathan agus guta caol. Cén rud é foghraíocht agus cén tábhacht a bhaineann leis? An dóigh leat go ndéantar cúram maith go leor den fhoghraíocht i múineadh na Gaeilge d'fhoghlaimoirí?

coiste	sean	maire	do
cainteach	paiste	scor	feasta
ba	leas	sileann	riocht
cead	seo		

4. Anois féach ar na focail seo agus aimsigh sampla de (i) défhoghar; (ii) consan leathan; (iii) consan caol

fí	fía
dí	dia
tí	tuí
lua, tuath, fuath, bua, pian, pinn	
<u>liúntas</u>	<u>luas</u>
<u>teach</u> , <u>moch</u> , <u>seachtain</u> , <u>tochailt</u> , <u>chaith</u> , <u>chosain</u> , <u>bacach</u>	

5. Déan féin agus do pháirtí anailís ar na samplaí seo d'earráidí gramadaí a luann an file sa dán.

'ag caint leis an tAire
'Tá an cheist á bplé'
'Cad a bhfuil sé?'
'An rud gur féidir a dhéanamh'.
'sin é a bhfadhb'.

An dtuigeann sibh cad atá i gceist aige? An féidir libh iad a cheartú? Déanaigí cúram ar leith den sampla 'sin é a bhfadhb'. Faighigí amach cad ata i gceist le haidiacht shealbhach agus iarmhír threise.

6. Féach ar an tslí a scríobhann an file na focail Ghaeilge thíos le fuaimniú an Bhéarla? An bhfuil athrú tagtha ar an bhfuaimniú Gaeilge atá ag daoine i do cheantar féin ó ghlúin go glúin? An dóigh leat go bhfuil fuaimneanna na Gaeilge deacair d'fhoghlaimoirí?

An Teashock, An Tawnishta
is na Tocktee Dawla uile sa Dawl,
idir Feena Gale is Feena Fawl

is na scuainí cuntasóirí croasfhiaclacha
á leanúint ó hock go tock
ag déanamh gaisce as rátaí fáis
is an Lewis?

Éist leis na cainteoirí sa mhír éisteachta ag rá na línte thuas. Cuirigí na fuaimeanna ó na canúintí éagsúla i gcomparáid le chéile.

7. Anois féach ar an bpíosa thíos a scríobh Myles na gCopaleen. Tá litriú na Gaeilge á cur i bhfeidhm ar an mBéarla aige – an dtuigeann tú an píosa? An bhfuil dul na Gaeilge ar fhuaimneanna an Bhéarla ag daoine i do cheantar féin? Léirigh do phlé le samplaí (Sampla: *vodka and white – wodka and fwite!*).

Aigh nó a mean thú ios só léasaigh dat thí slíps in this clós, bhears a bíord, and dos not smóc bícós obh de trobal obh straigeing a meaits.

I know a man who is so lazy that he sleeps in his clothes, wears a beard, and does not smoke because of the trouble of striking a match.

Plé

- *I'm allergic to people like you* – ar tharla sé riamh duit gur chuir dearcadh duine i leith na Gaeilge isteach ort? Cad iad na tuairimí is coitianta a bhíonn ag daoine fút nuair a thuigeann siad gur cainteoir Gaeilge tú?
- Luann an file an focal ‘scuainecheansú’ ach braitear nach bhfuil sé sásta leis an bhfocal seo. Cad atá ar eolas agat faoin tslí ina n-aistrítear focail Bhéarla go Gaeilge?

Cad a shíleann tú do na focail seo a leanas:

<i>physiotherapy</i>	físiteiripe
<i>blog</i>	blag
<i>computer</i>	ríomhaire
<i>remote control</i>	cianrialóir

Cad é an dearcadh atá agat faoi úsáid no easpa úsáide na bhfocal nua-aimseartha sa Ghaeltacht?

Tascanna

- Féach ar na samplaí thíos as an dán de nathanna / de bhéim atá tagtha isteach sa chaint i mBéarla. Pléigh leis an duine in aice leat: An dóigh libh go bhfuil tionchar Mheiriceá le cloisteáil ar chaint na ndaoine in Éirinn anois? Léirígí bhur bplé le samplaí. Beidh sibh ag roinnt bhur gcuid samplaí leis na grúpaí eile.

Gan trácht ar dhaoine a deir ‘*Cheers!*’
is ‘*Oh My God!*’

...
is ‘*I was like...!*’

...
Is daoine a chuireann an bhéim
ar 'so'.

Tascanna breise don dá ghrúpa

- Beidh tú ag obair i ngrúpa de cheathrar. Caithfidh sibh rún díospóireachta a chumadh a bheadh bainteach leis na téamaí atá pléite. Beidh beirt agaibh i bhfabhar an rúin sin agus beirt eile ina choinne. Déanaigí argóintí a fhorbairt agus ansin cuirigí na hargóintí sin i láthair na beirte eile.
- Scríobh tuairisc ghearr ar shampla ó do thaithí féin de thionchar ollchultúr Mheiriceá agus na Breataine ar Éirinn.
- Scríobh píosa i bhfabhar nó i gcoinne an ráitis seo: Tá an file seo ag dul thar fóir toisc go bhfuil an síneadh fada ag cur as dó.
- Faigh amach faoi obair an Choiste Téarmaíochta. Féach ar shamplaí den nua-théarmaíocht ar www.focal.ie.